

# Ráiteas Straitéise 2006 ↘ 2008

An tÚdarás Iomaíochta
The Competition Authority

# AN CLÁR ÁBHAR

| | | |
|---|---|---|
| **1** | **Réamhrá** | 3 |
| **2** | **Éiteas, Cuspóirí & Freagrachtaí** | 5 |
| | Ráiteas Misin | 5 |
| | Spriocanna | 5 |
| | Rólanna agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta | 7 |
| **3** | **Timpeallacht agus Comhthéacs** | 21 |
| | Struchtúr agus Acmhainní an Údaráis Iomaíochta | 21 |
| | Forbairtí Réamh-Mheasta don Todhchaí | 23 |
| | Tosca Criticiúla Ratha | 24 |
| **4** | **Straitéisí agus Feidhmiúchán** | 27 |
| | Réamhrá | 27 |
| | Straitéisí | 28 |
| | Feidhmiúchán a Thomhas | 38 |


VALID
FROM
4539

# 1 RÉAMHRÁ

1.1 Ó 2002 chuaigh an tÚdarás Iomaíochta faoi thréimhse d'athrú mór. D'achtaigh an tOireachtas réachtaíocht úr, An tAcht Iomaíochta 2002 a thugann cumhachtaí úra don Údarás Iomaíochta agus a ardaíonn na pionóis maidir le hiompar frith-iomaíochta.Tháinig méadú suntasach i líon foirne an Údaráis Iomaíochta ar aon dul le buiséad níos mó. I dtéarmaí aschuir agus iarmhartha bhí an tréimhse is ráthúla ag an Údarás Iomaíochta ó bunaíodh é. Tá réisím rathúla maidir le hathbhreithniú cumasc bunaithe ag an Údarás Iomaíochta chomh maith le méadú gníomhaíochta agus gnóthacháin úra i ndáil le forfheidhmiú an dlí iomaíochta.Leanann obair abhcóideachta an Údaráis Iomaíochta de léargas a thabhairt ar raon leathan de réimsí ina mbíonn iomaíocht in easnamh, teoranta nó srianta.

1.2 Tharla na hathruithe seo taobh le hoidhreacht de chultúr frith-iomaíochta agus frith-thomhaltóra, áfach. Go stairiúil, bhí polasaithe poiblí i ndáil le hiomaíocht a spreagadh cosúil le forfheidhmiú dlí, athbhreithniú ar chumaisc agus athleasú rialaithe lag in Éirinn. Ní aontas ar bith é, gur éirigh a lán de mhargaí in Éirinn an-chomhchruinnithe trí chumaisc agus chleachtais phríobháideacha eile, de bharr an easpa de dhlí éifeachtach iomaíochta. Lena chois sin chruthaigh an Stát a lán monaplachtaí agus chosain siad a lán d'earnálacha an gheilleagair ó iomaíocht.

1.3 Leagan an Ráiteas Straitéise seo an chéad chéim eile i bhforbairt an Údaráis Iomaíochta amach. Is plean straitéiseach é don tréimhse 1 Eanáir 2006 go 31 Nollag 2008. Cé go bhfuil an tÚdarás Iomaíochta ag súil le forleathnú breisíoch leanúnach, ní ar inniúlacht a fhorbairt atá béim a straitéise níos mó, ach ar a fheidhmeanna a dhéanamh an tslí is tráthúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir. Mar ghníomhaireacht 'atá ag aibiú' bhog an tÚdarás Iomaíochta ar shiúl ó 'ionchuir' a fhorbairt go dtí feabhas a chur ar chainníocht agus ar chaighdeán a 'n-aischur' agus a tseachadta.

1.4 Leagan an Ráiteas Straitéise seo plean straitéiseach an Údaráis Iomaíochta amach i dtrí chéim:

↘ **Pléann Mír 2** an cheist – **'Cad iad cuspóirí an Údaráis Iomaíochta?'** Dá bhrí sin, tosaíonn an mhír le ráiteas Misean agus Spriocanna an Údaráis Iomaíochta. Cuimsíonn an mhír seo cur síos ar rólanna an Údaráis Iomaíochta chomh maith, mar atá tugtha le reacht.

↘ **Pléann Mír 3** an cheist – **'Cad iad na tosca, inmheánacha nó seachtracha, a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a d'fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta a chuspóirí a bhaint amach?'** Breathnaíonn an mhír seo ar dtús ar an timpeallacht inmheánach agus dá bhrí sin cuireann sí síos ar struchtúr agus acmhainní an Údaráis Iomaíochta. Breathnaítear ansin ar an timpeallacht seachtrach agus déantar forbairtí reamh-mheasta don todhchaí a leagan amach. Cuirtear síos ar Thosca Criticiúla Ratha ansin.

↘ **Pléann Mír 4** an cheist - **'Ag cur na dtosca timpeallachta ina bhfeidhmíonn an tÚdarás Iomaíochta san áireamh, cén dóigh is fearr a bhféadfadh an tÚdarás Iomaíochta a chuspóirí a bhaint amach?'** Leagann an mhír seo straitéisí sainiúla an Údaráis Iomaíochta amach don tréimhse 2006 – 2008. Cuirtear síos chomh maith ar Phríomhthascairí Feidhmiúcháin deartha chun an tUdarás Iomaíochta a chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar chomh rathúil is atá a straitéisí i ndáil lena Spriocanna a bhaint amach.

**Ráiteas Misin**

# "A chinntiú go n-oibríonn iomaíocht chun sochair do thomhaltóirí ar fud gheilleagar na hÉireann"

# 2 ÉITEAS, CUSPÓIRÍ & FREAGRACHTAÍ

## Ráiteas Misin

2.1 Is é misean an Údaráis Iomaíochta ná:

**"A chinntiú go n-oibríonn iomaíocht chun sochair do thomhaltóirí ar fud gheilleagar na hÉireann".**

2.2 Chun iomaíocht a oibriú chun sochair do thomhaltóirí caithfear a chinntiú go dtig le margaí leas an tomhaltóra agus rogha an tomhaltóra a ardú, trí phraghsáil éifeachtach, nuálaíocht, agus caighdeán agus sórt níos fearr d'earraí . Ó tharla gur 'tomhaltóirí' iad gnóthaí go hiondúil, má táthar le hiomaíocht a chur ag oibriú go maith do thomhaltóirí caithfear iomaíocht a chur ag oibriú go maith do ghnóthaí chomh maith.

2.3 Cé gur tháinig athrú mór ar an Údarás Iomaíochta mar eagraíocht ó fhoilsiú a Ráitis Straitéise 2003-2005, níor athraigh a mhisean. Cé acu gur tríd a fhorfheidhmiú, a athbhreithniú cumasc nó a fheidhmeanna abhcóideachta a fheidhmiú nó narb é, maireann éiteas dosháraithe an Údaráis Iomaíochta gan athrú agus coinníonn sé tomhaltóirí ag a chroílár.

2.4 Is fealsúnach leathan é an Misean seo a stiúrann cinnteoireacht an Údaráis Iomaíochta. Tá trí ról tábhachtacha ag an Misean. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé treoir ar fáil. Trí na bunphrionsabail a ba cheart do na straitéisí a bheith bunaithe orthu a shonrú, bíonn tionchar ag an Ráiteas Misin ar chinntí uile an Údaráis Iomaíochta. Uimhir a dó, soláthraíonn an Ráiteas Misin dlisteanú. Trí fhealsúnacht shoiléir atá mar bhunús obair an Údaráis Iomaíochta a shonrú agus a chur in iúl, tá tagarmharc ag páirtí leasmhara ina dtig leo an eagraíocht a mheas ina éadan.  Uimhir a trí, soláthraíonn Ráiteas Misin inspreagadh.  Téann an Ráites Misin thar dhlisteanú seachtrach, trí fhócas a thabhairt d'obair an Údaráis Iomaíochta.

## Spriocanna

2.5 Seo a leanas Spriocanna an Údaráis Iomaíochta:

**Sprioc 1:** Comhlíonadh go hiomlán leis an dlí iomaíochta a chinntiú;

**Sprioc 2:** Iomaíocht a chur chun cinn in áiteanna ina mbíonn sí in easnamh, teoranta nó srianta;

**Sprioc 3:** Feasacht agus tuiscint a spreagadh maidir leis na buntáistí a bhaineann le hiomaíocht i measc lucht déanta polasaithe, gnóthaí agus tomhaltóirí;

**Sprioc 4:** Seirbhís thráthúil agus éifeachtúil a sholáthar do pháirtí leasmhara, go hinmheánach agus go seachtrach araon; agus,

**Sprioc 5:** Oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh le cois cur le forbairt de, agus coinbhéirseacht don, chleachtas idirnáisíunta is fearr i bpolasaí agus i bhforfheidhmiú iomaíochta.

**Nóta Míniúcháin 1: Iomaíocht agus an Tomhaltóir**

Is í aidhm an dlí iomaíochta ná margaí a chur ag oibriú chun sochair do thomhaltóirí. Déanann an tAcht Iomaíochta 2002, cineálacha sainiúla d'iompar gnó dleathach agus forfheidhmíonn an tÚdarás Iomaíochta an dlí seo. Téann iomaíocht éifeachtúil chun sochair do thomhaltóirí go díreach nuair a dhéanann gnólachtaí iarracht gnó a gcustaiméirí a fháil trí phraghsanna níos ísle, caighdeán feabhsaithe agus/nó dearadh níos fearr.

De bharr dlí iomaíochta bíonn sé neamhdhleathach ag gnólachtaí praghsanna a shocrú nó custaiméirí a roinnt eatarthu féin. I gcás na ngnólachtaí ceannasacha, tá sé neamhdhleathach dóibh a gcumhacht mhargaidh a mhí-úsáid trí phraghsanna iomadúla a ghearradh nó a bheith gafa i gcleachtais trádála 'míchothroma' eile. Déanann an tÚdarás Iomaíochta iarracht a chinntiú go n-oibríonn margaí chun sochair do thomhaltóirí chomh maith trí dhíchur dhlíthe agus rialacháin frith-thomhaltóra.

Comhlánaíonn dlí iomaíochta polasaí tomhaltóirí trína chinntiú go mbíonn muinín ag tomhaltóirí sa log margaidh agus go mbíonn an chumhacht acu cinntí feasacha a dhéanamh maidir leis an gceannach a dhéanann siad. Cuireann saindlíthe cosanta tomhaltóirí cosc ar fhógraíocht mhíthreorach, díolachán d'earraí neamhshábháilte nó tabhairt isteach de théarmaí conarthaí míchothroma. Tá na dlíthe seo deartha chun tomhaltóirí a chosaint in éadan feallta agus calaoise Tá sí mar aidhm ag polasaí tomhaltóirí folláine tomhaltóirí a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil siad eolach faoina gcearta agus go bhfuil an taobhú cuí acu dá ndéanfaí na cearta seo a mhí-úsáid.

Tá oidhreacht bhlianta ag Éirinn de pholasaí agus de chultúr frith-thomhaltóra. Go minic tá an oidhreacht seo stiúrtha ag srianta poiblí agus príobháideacha ar iomaíocht ar a dtugann an ECFE "bunchlaonta polasaí de leasa an táirgeora thar leasa an tomhaltóra". Is céim shuntasach í tiomantas an Rialtais i 2005 Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí a chruthú chun guth láidir agus éifeachtach do thomhaltóirí a sholáthar in Éirinn. Méadóidh an tionscnamh seo, in éineacht le cumhachtaí úra agus acmhainní breise an Údaráis Iomaíochta, na buntáistí do thomhaltóirí Éireannacha de gheilleagar comhaimseartha agus dinimiciúil.

## Rólanna agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta

2.6 Tagann Ráiteas Straitéise agus Spriocanna an Údaráis Iomaíochta go mór ó fheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta mar atá leagtha amach san Acht Iomaíochta 2002. Áirítear ar na bhfeidhmeanna seo forfheidhmiú an dlí iomaíochta, athbhreithniú ar chumaisc agus abhcóideacht iomaíochta.

## Forfheidhmiú

2.7 Bunúsach do Mhisean an Údaráis Iomaíochta tá forfheidhmiú sochreidte an dlí in éadan cleachtas frith-iomaíochta. Tugann an tAcht Iomaíochta 2002 cumhacht don Údarás Iomaíochta sáruithe ar an dlí iomaíochta a imscrúdú agus cásanna a thabhairt os comhair na cúirte nuair is gá. Tig leis an tÚdarás Iomaíochta é féin gníomhú mar éilitheoir in imeachtaí sibhialta, agus féadfaidh sé cásanna coiriúla a ionchúiseamh go hachomair sa Chúirt Dúiche.Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) a chaitheann ionchuisimh de dianchoireanna coiriúla a thabhairt chun na cúirte, áfach.

2.8 Tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as Alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002 a fhorfheidhmiú in éineacht le hAirteagail 81 agus 82 de Chonradh na Róimhe. Soláthraíonn Ailt 6 agus 7 den Acht Iomaíochta gur coireanna coiriúla iad saruithe ar Ailt 4 agus 5 d'Airteagail 81 agus 82. Déileálann Alt 4 agus Airteagal 81 le socruithe frith-iomaíochta. D'fhéadfadh siad seo a bheith idir ghnólachtaí ar iomaitheoirí iad nó idir ghnólachtaí nach iomaitheoirí iad, cosúil le dáileoirí nó miondíoltóirí.Déileálann Alt 5 agus Airteagal 82 le hiompar frith-iomaíochta ó ghnólachtaí ceannasacha, i.e., gnólachtaí ag a mbíonn go leor de neart eacnamaíoch acu chun iomaíocht a chosc ina margadh faoi seach.

### Socruithe frith-iomaíochta

2.9 De ghnáth aithnítear cairtéil mar an gcineál is tromchúiseach d'iompar frith-iomaíochta agus tá imscrúduithe ar chairtéil sainaitheanta ag an Údarás iomaíochta mar a bharrthosaíocht:

- Tá sé mar aidhm ag cairtéil praghas-socraithe a chinntiú go bhfuil a mbaill ábalta praghsanna níos airde a ghearradh ar earraí agus seirbhísí áirithe ná a bheadh siad ábalta dá mbeadh siad in iomaíocht lena chéile; agus,
- Is éard cairtéil margadh-roinnte ann ná nuair a chomhaontaíonn baill eatarthu féin an margadh a roinnt nó cinneadh a dhéanamh maidir le cé ba cheart conradh áirithe a fháil. Arís cuireann seo ar a gcumas iad praghsanna níos airde a ghearradh ná dá mbeadh siad ábalta dá mbeadh siad ag iomaíocht.

2.10 Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh ar chairtéal líomhanta de bharr gearáin nó as a chonlán féin. I gcás cairtéil, de ghnáth déanann an tÚdarás Iomaíochta iarraidh déileáil leis an gcás sna cúirteanna coiriúla. Sa chás ina bhfaightear fianaise go leor, cuirfidh an tÚdarás Iomaíochta comhad chuig an DPP le moladh go ndéanfar na páirtithe bainteacha a ionchúiseamh. Féadfadh an tÚdarás Iomaíochta freisin ionchúiseamh achomair a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche.

**Nóta Míniúcháin 2: Tugann iomaíocht tacaíocht d'fhiontraíocht na hÉireann agus fás eacnamaíoch.**

Go stairiúil, ní raibh ceisteanna iomaíochta mar pháirt thábhachtach de pholasaí eacnamaíoch na hÉireann. Le deireanas tá méadú aitheantais ann maidir le polasaí iomaíochta agus má dhéantar é a chur i bhfeidhm mar is ceart, go dtig leis buntáistí eacnamaíocha a sheachadadh i dtéarmaí méadaithe ar thrádáil, praghsanna níos ísle do thomhaltóirí agus fás eacnamaíoch. D'éirigh an úsáid de pholasaí éifeachtach iomaíochta níos tábhachtaí fós i ndiaidh tabhairt isteach an airgeadra aonair mar go raibh srian suntasach ar dhiscréid mhaicreacnamaíochta na hÉireann.

Ceann de na hiarmhairtí tábhachtacha a bhaineann le hiomaíocht éifeachtach agus neamhchlaon i margaí baile ná an cumas feabhsaithe ar ghnóthaí Éireannacha chun dul san iomaíocht sa log margaidh idirnáisiúnta. Tá gnólachtaí Éireannacha a mbíonn rath iomaíochta orthu sa bhaile ábalta dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta d'fhonn a margaí domhanda a fhorbairt agus a choinneáil. Mar gur geilleagar oscailte beag í Éire atá ag brath go mór ar onnmhairí, cuidíonn gnólachtaí Éireannacha a méadaíonn a sciar de mhargaí domhanda go mór le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

Tá dhá iarmhairt ag iomaíocht ar iompar gnólachtaí. Is é an chéad cheann agus an ceann is sofheicthe ná go n-éiríonn gnólachtaí atá san iomaíocht do ghnó níos freagraí do riachtanais tomhaltóirí trí phraghsanna a ísliú chomh maith le seirbhís threisithe éasúlacht agus a chur ar fáil. Is í an dara iarmhairt, nach bhfuil chomh sofheicthe ná go stiúrann brúnna iomaíochtaí gnólachtaí chun a gcostais a laghdú trí dhóigheanna níos fearr agus ní táirgiúla a fháil le gnó a dhéanamh. Faigheann tomhaltóirí tuilleadh laghduithe ar phraghsanna as costais níos ísle agus éifeachtacht níos fearr, ach tábhachtach chomh maith ciallaíonn sé go mbeidh fás táirgiúlachta níos airde ann don gheilleagar mar iomlán.

Príomhghné eile d'iomaíochas idirnáisiúnta d'fhiontraíocht bunaithe in Éirinn ná an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn. Tá gnólachtaí a dhéanann a ngnó i margaí domhanda nochta do dhianbhrúnna na hiomaíochta idirnáisiúnta. I gcodarsnacht tá a lán de na príomhsheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiúchán na ngnólachtaí onnmhairithe 'ar foscadh' ó na brúnna idirnáisiúnta seo. Tá earnálacha foscaidh de gheilleagar na hÉireann ar a n-áirítear seirbhísí agus fontais ghairmiúla ar foscadh ó iomaíocht idirnáisiúnta trí theaglaim de rialú, tíreolaíocht agus nádúr na seirbhísí. Chinnteodh iomaíocht níos fuinniúla sna earnálacha foscaidh bonn costais níos ísle agus mar sin staid níos iomaíche do na gnólachtaí sin atá san iomaíocht sa gheilleagar domhanda. Gné thábhachtach d'obair an Údaráis Iomaíochta ná na hearnálacha foscaidh seo a imscrúdú agus argóint a dhéanamh le haghaidh níos mó iomaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil staid iomaíochta na hÉireann chomh ard agus is féidir.

Tá polasaí iomaíochta cosúil le bonn airgid le costas ar thaobh amháin agus táirgiúlacht ar an taobh eile. Seachadann sé toradh dúbailte: buntáistí níos mó do thomhaltóirí, ach éifeachtacht níos fearr i dtáirgeadh chomh maith, a théann chun sochair ar an ngeilleagar mar iomlán agus a chuireann feabhas ar iomaíocht na hÉireann.

2.11 Tá imscrúduithe coiriúla ar chairtéil casta, mionsonraithe agus am-íditheach. Tá seo ar pháirt de bharr go mbaineann cairtéil de ghnáth le comhcheilg i measc go leor páirtithe ar leith agus de bharr an ardchaighdeáin fianaise a bhaineann le trialacha coiriúla chomh maith. Bhreisigh an tAcht Iomaíochta cumhachtaí imscrúdaithe an Údaráis Iomaíochta chun a chur ar a chumas cónaithe príobháideacha a chuardach agus chun buncháipéisí a thógáil. I gcónasc leis an DPP, oibríonn an tÚdarás Iomaíochta 'Clár Díolúine Cairtéal' do chairtéil.

2.12 Tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as imscrúdú maidir le socruithe frith-iomaíochta neamh-lárghrúpa chomh maith. Ní dhéantar gach socrú a théann iomaitheoirí isteach ann a dhéanann dochar d'iomaíocht a ionchúiseamh sna cúirteanna coiriúla. D'fhéadfadh sé go ndeachthas isteach i socruithe idir iomaitheoirí ar thaighde & forbairt, ceannach grúpa agus socrú caighdeánach de bharr cúiseanna eile seachas díchur na hiomaíochta, ach mar sin féin sin d'fhéadfadh siad Alt 4 den Acht Iomaíochta 2002, a shárú de bharr a n-iarmhairte frith-iomaíochta.

2.13 Scrúdaíonn an tÚdarás Iomaíochta socruithe chomh maith idir ghnólachtaí nach bhfuil ina n-iomaitheoirí ach atá bainteach trí shlabhra imdháilte (i.e., 'socruithe ingearacha') cosúil leo siúd idir déantóirí agus dáileoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí, ceadúnóirí agus ceadúnaithe agus saincheadúnóirí agus seancheadúnaithe. De ghnáth déantar socruithe cairtéil neamh-lárghrúpa idir iomaitheoirí agus socruithe idir ghnólachtaí a réiteach tríd imeachtaí sibhialta san Ard-Chúirt.

### Mí-Úsáid Cheannais

2.14 Toirmisceann Alt 5 den Acht Iomaícohta 2002 agus Airteagal 82 de Chonradh na Róimhe mí-úsáid de 'stádas ceannasach' ag gnólacht amháin nó níos mó. Ní sháraíonn stádas ceannasach ann féin an tAcht Iomaíochta. Chun go dtarlóidh sárú, caithfidh gnóthas ceannais a staid mhargaidh a mhí-úsáid. De ghnáth tugann an tÚdarás Iomaíochta sáruithe d'Alt 5 nó Airteagal 82 os comhair cúirteanna siabhialta seachas cúirteanna coiriúla. Soláthraíonn Alt 14 den Acht Iomaíochta 2002 go mbeidh gnólachtaí a mbíonn ciontach as staid mhonaplachta a mhí-úsáid faoi réir dídhlísithe (i.e., briseadh suas gnólachta trí shócmhainní a dhíol).

### Nóta Míniúcháin 3: An Clár um Dhíolúine Cairtéal Coiriúil

Is coir choiriúil í páirt a ghlacadh i gcairtéal faoin Acht Iomaíochta, 2002. Féadfadh daoine a mbíonn ciontach as coir chairtéil pionós de suas go cúig bliana sa phríosún a fháil agus €4m i bhfíneálacha. Tugann an Clár um Dhíolúine Cairtéal Coiriúil deis do dhuine ar bith atá bainteach i gcairtéal ionchúiseamh a sheachaint. Is comh-chlár é seo á reáchtáil ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DDP) agus an tÚdarás Iomaíochta.

Mar thoradh ar chairtéil caithfidh tomhaltóirí níos mó a íoc d'earraí agus seirbhísí ná ba cheart dóibh. De ghnáth, oibríonn cairtéil tríd iomaíocht a cheilt, tríd an margadh a roinnt i monaplachtaí áitiúla go geografach nó trí chomhaontú idir bhaill an chairtéil praghas a shocrú agus gan costais a bheith níos saoire ag ball ar bith.

Bíonn cairtéil lárghrúpa níos deacra a aimsiú agus a ionchúiseamh go rathúil de bhrí go bhfuil siad, trína nádúr, comhcheilgeach. Soláthraíonn an Clár um Dhíolúine Cairtéal Coiriúil bealach leis an rúndacht atá thart ar shocruithe cairtéil a bhriseadh síos. Molfaidh an tÚdarás Iomaíochta díolúine don DPP, má bhíonn an t-iarratasóir ar an gcéad duine a thagann chun tosaigh agus a chomhoibríonn go hiomlán le himscrúdú. D'fhonn sochar a fháil as díolúine, ní mór d'iarratasóir na díolúine:

- Staonadh ó leanúint i bpáirtíocht sa chairtéal;
- Gan a chur in iúl do bhaill eile an chairtéil gur lorg sé/sí díolúine;
- Comhoibriú go hiomlán le himscrúdú an Udaráis Iomaíochta; agus,
- Gan a bheith mar 'cheann feadhna' (i.e., an príomh-athraitheoir i gcoinneáil agus oibriú an chairtéil).

Má theiptear comhlíonadh go hiomlán le himscrúduithe an Údaráis Iomaíochta tig díolúine a chailleadh.

Le haghaidh tuilleadh mionsonraí féach ar láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie/immunity.html nó glaoch ar 087 7631378. Oibríonn an líne seo idir 10am agus 4pm Luan go Aoine (ach amháin saoire phoiblí nó saoire bainc).

## Athbhreithniú ar Chumaisc

2.15 Tig le cumaisc a bheith tairbhiúil do ghnóthaí agus tomhaltóirí araon tríd éifeachtacht agus trí laghdú ar chostais nach bhfuil gá leo. Is príomhuirlis cumaisc chomh maith a úsáideann gnólachtaí chun athstruchtúrú a dhéanamh d'fhonn dul san iomaíocht agus d'fhonn maireachtáil. D'fhéadfadh comhdhlúthú i dtionscal iarmhairtí dochrach a bheith aige ar iomaíocht agus mar sin dochar a dhéanamh do thomhaltóirí. Tá sé fíorthábhachtach go gceadaíonn réisím fhorfheidhmithe cumasc agus éifeachtach agus tráthúil cumaisc thairbhiúla a chuireann geilleagar fónta agus dinimiciúil chun cinn, agus ag an am céanna cosc a chur ar chumaisc a laghdaíonn iomaíocht agus a dhéanann dochar do thomhaltóirí.

2.16 Faoin Acht Iomaíochta 2002 is é an tÚdarás Iomaíochta an comhlacht atá freagrach as athbhreithnithe maidir le cumaisc mholta a dhéanamh. Ní mór do chuideachtaí agus daoine aonair atá ina bpáirtithe de chumaisc thar thairseach faoi leith (mar atá in Alt 18 den Acht Iomaíochta, 2002) an tÚdarás Iomaíochta a chur ar an eolas faoin idirbheart. I ndiaidh imscrúdaithe tosaigh (Céim 1) nó imscrúdaithe iomláin (Céim 2) i ndáil leis an gcumasc molta cinnfidh an tÚdarás Iomaíochta:

- Go bhféadfaidh an cumasc molta a chur i bhfeidhm;
- Go bhféadfaidh an cumasc molta a chur i bhfeidhm faoi réir coinníollacha; nó,
- Go bhféadfaidh gan an cumasc molta a chur i bhfeidhm.

2.17 Tugtar faoi chumaisc i mbealach difriúil faoin Acht Iomaíochta 2002. Caithfear cumaisc uile na meán, lena n-áirítear páipéir nuachtán, agus stáisiúin chraolacháin, a chur in iúl don Údarás Iomaíochta. Ceadaíonn an tAcht Iomaíochta don fhéidearthacht go dtig leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar chúiseanna leasa poiblí faoi leith, cosc a chur fós ar chumasc na meán, a bhí ceadaithe ag an Údarás Iomaíochta ar chúiseanna iomaíochta.

Tig le cumaisc a bheith tairbhiúil do ghnóthaí agus tomhaltóirí

## Nósanna Imeachta faoi Chumaisc in Éirinn (Acht Iomaíochta, 2002)

### Triail Cumaisc: Laghdú suntasach ar iomaíocht

Is í an triail a úsáidtear chun cinneadh cé acu ar cheart don chumasc a bheith ceadaithe nó nár cheart ná an ndéanfaidh sé "laghdú suntasach ar iomaíocht" sna margaí a dtéann an cumasc i bhfeidhm orthu. Is é seo an triail a úsáidtear sa Ríocht Aontaithe agus glacadh le ceann cosúil leis ag an gCoimisiún Eorpach le déanaí. Tugann sé fócas faoi mar a théann idirbheart i bhfeidhm ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí.

### Tairseacha Faisnéise

Faightear na tairseacha le haghaidh faisnéise ó láimhdeachas na cuideachta. Caithfidh an dá chuideachta láimhdeachas bliantúil de €40 milliún a bheith acu ar fud an domhain. Caithfidh an bheirt acu a bheith i mbun gnó in oileán Éireann agus caithfidh ceann amháin acu ar a laghad láimhdeachas de €40 milliún a bheith acu laistigh den Stát. Má bhaintear na tairseacha amach, ní mór faisnéis a thabhairt.

### Cumaisc faoi bhun na tairsí

Féadfaidh cumaisc atá faoi bhun na tairsí tionchar in aghaidh iomaíochta a chruthú fós a dhéanann díobháil do thomhaltóirí. Ceadaíonn an tAcht Iomaíochta, 2002, faisnéis a thabhairt faoina leithéid de chumaisc go deonach don Údarás Iomaíochta, chun go mbeidh cinnteacht dhlíthiúil ann. Tá seo de bharr go mbíonn cumaisc faoi bhun na tairsí fós faoi réir forghníomhaithe faoi Ailt 4 agus 5 den Acht agus tá iniúchadh déanta ag an Údarás Iomaíochta faoina leithéid d'idirbhearta.

### Cumaisc Meán

Ní mór faisnéis a thabhairt faoi chumaisc meán atá faoi bhun na tairsí don Údarás Iomaíochta –tá seo ann de bharr Ordaithe Aire a rinneadh ar 1ú Eanáir, 2003. Sainmhíníonn an tAcht Iomaíochta gnó meán fairsing go maith, lena n-áirítear aon ghnólacht a bhfuil leas aige i nuachtáin, raidió, teilifís, teileachumarsáid srl. Sonraíonn an tAcht Iomaíochta freisin gur féidir leis an Aire, ar mhaithe le leas an phobail, cosc a chur ar chumasc meán a ceadaíodh ag an Údarás Iomaíochta.

### Iniúchadh Tosaigh (Pas 1)

Is éard is Pas 1 ann ná iniúchadh tosaigh ar feadh míosa faoin gcumasc, rud ar leor é mar is iondúil chun é a ghlanadh. Is féidir an tréimhse míosa a shíneadh nuair a iarrann an tÚdarás Iomaíochta eolas breise go foirmiúil ó na páirtithe nó nuair a chuireann na páirtithe moltaí isteach le bearta sonracha a bhfuil d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuir an tÚdarás Iomaíochta. Glanadh breis agus 98% de chumaisc a bhfuarthas faisnéis fúthu i 2005 ag Pas 1.

### Iniúchadh Lán (Pas 2)

Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta lán-iniúchadh a dhéanamh (iniúchadh ag Pas 2) nuair nach bhfuil sé in ann cinneadh a dhéanamh tar éis iniúchadh tosaigh a dhéanamh nach gcruthódh cumasc "laghdú suntasach ar iomaíocht". Is éard is Pas 2 ann ná tréimhse trí mhí eile ina ndéantar iniúchadh mion ar an idirbheart agus ar an margadh/na margaí ina bhfeidhmíonn na páirtithe.

**Measúnú**
Le linn iniúchta ag pas 2, má tá ceisteanna tromchúiseacha ag Rannóg Cumasc an Údaráis Iomaíochta, féadfaidh sé Measúnú scríofa ar an idirbheart a eisiúint do na páirtithe le linn an tréimhse. Leagann seo amach ceisteanna Rannóg na gCumasc, agus tugann sé an deis do na páirtithe freagra a thabhairt.

**Glanadh ón Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta**
I gcumaisc meán, má ghlanann an tÚdarás Iomaíochta an cumasc ag Pas 1, cuirtear faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta é, ag an mbíonn deich lá chun cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn uaidh iarraidh ar an Údarás Iomaíochta lán-iniúchadh a dhéanamh (Pas 2).

Nuair a ghlanann an tÚdarás Iomaíochta cumasc meán tar éis iniúchta faoi Phas 2, tá 30 lá ag an Aire, chun an cumasc a cheadú, a ghlanadh le coinníollacha nó a thoirmeasc. Is éard is bunús le cinneadh an Aire ní hé critéir maidir le hiomaíocht ach le leas an phobail mar a leagtar amach san Acht  Iomaíochta (ar a dtugtar "critéir a bhaineann le hábhar"). Áirítear leis na critéir a bhaineann le hábhar rudaí mar éagsúlú úinéireachta, neart na meán dúchais agus tras-úineireacht meán éagsúla.

**Achomharc do na Cúirteanna**
Má chuirtear toirmeasc ar chumasc, tá mí ag na páirtithe chun cinneadh a dhéanamh ar mian leo lán-achomharc a dhéanamh don Ard-Chúirt. Má dhéanann na páirtithe achomharc, ansin déanfaidh an Chúirt cinneadh an bhfuil cinneadh an Údaráis Iomaíochta fírinnithe ná a mhalairt.

## Nóta Míniúcháin 5: Cumhachtaí Imscrúdaithe an Údaráis Iomaíochta

| | |
|---|---|
| **Cumhacht Iontrála agus Chuardaigh** | Tig le hoifigigh údaraithe an Údaráis Iomaíochta dul isteach in áitreabh nó cónaí ar bith agus cuardach a dhéanamh le barántas arna eisiúint ag an gCúirte Dúiche. |
| **Cumhacht chun Cáipéisí agus Taifid a Thógáil** | Tig le hoifigigh údaraithe an Údaráis Iomaíochta cáipéisí/ taifid a thógáil le barántas arna eisiúint ag an gCúirte Dúiche le barántas arna eisiúint ag an gCúirte Dúiche. |
| **Cumhacht chun Fhinnéithe Thoghairm** | - Tig leis an tÚdarás Iomaíochta finné a thoghairm chun teacht as a chomhair agus scrúdú a dhéanamh air faoi mhionn. |
| | - Bíonn na díolúinte agus na pribhléidí céanna ag finnéithe agus a bhíonn ag finnéithe os comhair na hArd-Chúirte. |

| | |
|---|---|
| | - Is coir chóiriúil í má theiptear ar dhuine teacht os comhair an Údaráis Iomaíochta i ndiaidh toghairm fhinné a fháil. |
| **Cumhacht chun Léiriú Taifead agus Eolas a Iarraidh** | - Tá cumhacht ag an Údarás Iomaíochta léiriú taifead agus eolas a iarraidh.<br>- Is coir choiriúil í mura gcomhlíontar leis seo. |
| **Cumhacht chun Eolas a Fháil ó Thríú Páirtithe** | Tig leis an Údarás Iomaíochta eolas a fháil ó thríú páirtithe, lena n-áirítear comhairleoirí gairmiúla agus forais airgeadais. |
| **Achomharc ar Úsáid na gCumhachtaí** | Is féidir cur i gcoinne úsáid an Údaráis Iomaíochta ar na cumhachtaí seo tríd athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt. |
| **Bealaí Féideartha chun Socrú a dhéanamh** | - **Ionchúiseamh Coiriúil (ar dhíotáil)** - Tugtha os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) (nó na Cúirte Cuarda Coiriúla faoi Acht 1991) i ndiaidh imscrúdaithe á dhéanamh ag an Údarás Iomaíochta.<br>- **Ionchúiseamh Coiriúil (achomair)** – Tugtha os comhair na Cúirte Dúiche ag an Údarás Iomaíochta.<br>- **Caingean Shibhialta** – Tugtha os comhair na hArd-Chúirte ag an Údarás Iomaíochta d'fhonn stop a chur le hiompar frith-iomaíochta faoi amhras.<br>- **Socrú gan caingean chúirt** –Nuair a aithníonn na páirtithe bainteacha sáruithe féideartha ar an dlí iomaíochta agus nuair a chuireann siad i gceart iad |
| **Uasléibhéil Fíneálacha agus Pionóis** | - **Criminal (ar dhíotáil sa Phríomh-Chúirte Choiriúil)** €4 milliúin nó 10% de láimhdeachas, cibé acu is mó agus/ nó suas go cuig bliana sa phríosún. |
| | - **Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche)** - €3,000 agus/nó suas go sé bliana sa phríosún.<br>- **Caingean Shibhialta (ag an Údarás Iomaíochta)** – ceann ar bith.<br>- **Caingean Shibhialta (le páirtithe gortaithe)** – Damáistí faoi chomhairle na cúirte. |

## Abhcóideacht Iomaíochta

2.18 Le cois a fhorfheidhmithe dlí agus a fheidhmeanna athbhreithnithe ar chumaisc, tá dualgas ar an Údarás Iomaíochta iomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar. Baineann abhcóideacht iomaíochta le gníomhaíochtaí a chuireann iomaíocht chun cinn trí mheicníochtaí neamh-fhorfheidhmithe.

2.19 Tá abhcóideacht bunúsach chun Ráiteas Misin an Údaráis Iomaíochta a bhaint amach, go háirithe nuair a chuireann a lán rialachán agus cleachtas gnó srian ar iomaíocht. Orthu seo bíonn srianta neamhriachtanacha ar iomaíocht in earnáil nó tionscal faoi leith (e.g., An tOrdú um Earraí Grósaera, a chuir bonnshraith ar phraghsanna grósaeirí) go dtí cineálacha níos ginearálta agus níos caolchúisí (e.g dlíthe agus próisis phleanála a bhféadfaidh forleathnú a mhoilliú agus/nó cuideachtaí úra a chosc ó ghnó a oscailt in Éirinn ar fud raon tionscal).

**Comhairle a chur ar Lucht Déanta Polasaithe Poiblí**

2.20 Tugann Ailt 30(1)(c) agus 30(1)(f) den Acht Iomaíochta 2002 sainordú don Údarás Iomaíochta chun comhairle a sholáthar ar cheisteanna iomaíochta d'Airí an Rialtais, Ranna Rialtais agus reachtóirí. Soláthraíonn an tÚdarás Iomaíochta peirspictíocht fheasach ar iomaíocht ar reachtaíocht mholta tosaigh agus tánaiste, sa dóigh nach ndéantar reachtaíocht a rith a chuirfeadh cosc neamhriachtanach ar iomaíocht.

**Feasacht a Spreagadh**

2.21 Soláthraíonn Alt 30(1)(g) den Acht Iomaíochta don Údarás Iomaíochta "a leithéid de ghníomhaíochtaí a dhéanamh más iomchuí é chun an pobal a chur ar an eolas i ndáil le ceisteanna a bhaineann le hiomaíocht". I mbeagán focal, tá feasacht agus tuisicint an phobail tábhachtach ar roinnt chúiseanna:

- Mar go gcuireann an tÚdarás Iomaíochta an dlí i bhfeidhm, tá sé sainordaithe gníomhú de réir leasa an phobail. Déanfar bailíocht agus dlisteanacht a róil phoiblí a threisiú sa mhéid go mbeidh saoránaigh ar an eolas faoi, agus tacaíoch d'iomaíocht.
- Tá feasacht ar dhlí iomaíocht bunúsach do chomhlíonadh forleitheadach. Mar shampla, cé go bhfuil sé ar a n-acmhainn de gnáth ag gnólachtaí móra sainchláir chomhlíonta deartha ag a ndlíodóirí a fháil, ní dócha gur seo an cás d'fhiontair níos lú agus d'fhiontair ar a meánmhéid.
- Tig le tuiscint maidir le hiarmhairtí agus buntáistí iomaíochta tacaíocht a spreagadh d'obair an Údaráis Iomaíochta i mbealaí praiticiúla. Mar shampla tríd aird an Údaráis Iomaíochta a tharraingt ar chúiseanna bainteacha nó níos ginearálta cuidiú le forbairt iomaíochta mar uirlis pholasaí eacnamaíochta.

## Nóta Míniúcháin 6: Gearáin faoi iompar frith-iomaíochta

Déantar aird an Údaráis Iomaíochta a tharraingt ar ghearáin ó roinnt fhoinsí lena n-áirítear baill an phobail, gnóthaí aonair, eagraíochta trádála, ionadaithe poiblí, chomh maith le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Nuair a bhíonn go leor eolais curtha ar fáil trí ghearáin chun cúiseanna réasúnta a thabhairt don Údarás Iomaíochta a bheith amhrasach faoi choir faoin Acht Iomaíochta 2002, tig imscrúdú foirmiúil a dhéanamh. Nuair a léiríonn mionsonraí an ghearáin dlíthe nó rialacháin, nó riarachán le Roinn nó gníomhaireacht Rialtais, a chuireann srianta neamhriachtanacha ar iomaíochta, cuirtear an cheist faoi bhráid na Rannóige Abhcóideachta.

Mar chéad chéim seiceálfaidh an tÚdarás Iomaíochta má bheifear ábalta déileáil leis an ngearán faoin dlí iomaíochta. Tá Córas Scagtha Gearán ag an Údarás Iomaíochta ina dtagann baill fhoirne le chéile gach seachtain chun gach iarratas eolais agus gearáin a mheasúnú. Cuireann córas scagtha gearán an Údaráis Iomaíochta béim ar na cásanna is substaintí agus cinntíonn siad go ndéilealfar le gearáin, nach bhfuil mórán fianaise tacaíochta nó nach bhfuil fianaise tacaíochta ar bith acu, go dlúsúil ach go cothrom.

Tá Córas Scagtha Gearán an Údaráis Iomaíochta déanta suas de thrí chéim:

- Réamhscagadh;
- Luacháil mhionsonraite; agus,
- Imscrúdú.

Tig imscrúdú iomlán a bheith ann de bharr cásanna an-thromchúiseacha ina ndéanfaidh an tÚdarás roinnt gníomh féideartha dá mbarr, lena n-áirítear:

- Comhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DDP) le moladh ionchúisimh choiriúla a dhéanamh;
- Imeacht cúirte a ghlacadh san Ard-Chúirt d'fhonn stop a chur le hiompar frith-iomaíochta;
- Socruithe lasmuigh den chúirt a fháil le cuideachtaí agus eagraíochtaí a dhéanann comhaontú gan a bheith bainteach in iompar frith-iomaíochta agus, i roinnt cásanna, a n-iompar a athrú chun leigheas a chur ar dhochar iomaíochta; agus,
- Moltaí a dhéanamh leis an Rialtas i ndáil le hathruithe i rialacháin fhrith-iomaíochta.

### Gearáin a réiteach gan caingean dhleathach

Ní léiríonn oll-fhormhór na ngearán a dhéantar chuig an Údarás Iomaícohta sárú ar an dlí iomaíochta nó réitítear iad ag céim luath gan gá le caingean dhleathach.

I ndiaidh réamhscagtha déantar a lán de ghearáin a réiteach mar:

- Is iarratas eolais an gearán i ndáiríre;
- Ní bhaineann an gearán le ceist dlí iomaíochta;
- Tagann an gearán as gnó ag tabhairt aghaidhe ar iomaíocht dhlisteanach ina margadh áitiúil; agus,
- Baineann an gearán le praghsanna ar chomhsúil gan fianaise nó moladh ar bith faoi chomhshocrú idir chuideachtaí.

Faigheann cuid de na gearáin luacháil níos mionsonraithe d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a dtábhacht agus cinneadh a dhéanamh faoi ar cheart imscrúdú iomlán a oscailt. B'fhéidir go mbainfeadh taighde cúlra, ráitis fhoirmiúla a ghlacadh ó ghearánaigh agus tríú páirtithe agus scrúdú ar pharaiméadair an chás leis an luacháil mhionshonraithe seo. Ba iad na príomhchúiseanna a ndéantar gearáin a réiteach i ndiaidh an chineáil seo luachála ná:

- Ní thig bunús a thabhairt don ghearán;
- Baineann an gearán le díospóid phríobháideach nó chonartha gan aon tábhacht iomaíochta;
- Bíonn údarás ag gníomhaireacht rialaithe eile agus tig léi leigheas a chur ar an gcás i mbealach níos tráthúla trí fheidhmiú a feidhmeanna;agus,
- Baineann an gearán le ceisteanna agus fíricí ar chomhchosúil leis na cinn a scrúdaigh agus a réitigh an tÚdarás Iomaíochta roimhe sin.

**Nóta Míniúcháin 7: Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta**

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall ar roinnt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tá trí bhunús le rannpháirtíocht:

- Dualgas – Mar bhall de chuid an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, caithfidh an tÚdarás Iomaíochta dualgais agus freagrachtaí áirithe a chomhlíonadh;
- Cruth a chur ar pholasaí idirnáisiúnta iomaíochta agus coinbhéirseacht a chur chun cinn – mar thoradh ar dhomhandú tá méadú tagtha ar cheisteanna polasaí iomaíochta tras-náisiúnta agus ceisteanna forfheidhmithe. Chun cur i bhfeidhm seasmhach maidir le prionsabail dlí iomaíochta a bheith ann ní mór do ghníomhaireachtaí cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus coinbhéirseacht a fhorbairt agus a chur chun cinn le chéile go dtí an cleachtas is fearr. Soláthraíonn rannpháirtíocht sa díospóireacht leanúnach idirnáisiúnta seo d'Éirinn cruth a chur ar threoir an pholasaí idirnáisiúnta iomaíochta agus tionchar a bheith aici air; agus,
- Foghlaim ón eispéireas idirnáisiúnta – soláthraíonn rannpháirtíocht sna fóraim idirnáisiúnta don Údarás Iomaíochta sochar a bhaint as an leas taithí agus eolais ó cheisteanna iomaíochta a bhíonn ag gníomhaireachtaí iomaíochta iomad ar fud an domhain. Mar ghníomhaireacht réasúnta beag agus úr, is acmhainn í seo atá an-tábhachtach d'Údarás Iomaíochta na hÉireann.

**Líonra Iomaíochta na hEorpa**

Is ball de chuid Líonra Iomaíochta na hEorpa é an tÚdarás Iomaíochta (ECN). Bunaíodh an ECN chun a chinntiú go gcuirtear dlí iomaíochta an AE i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile. Soláthraíonn an ECN creatlach dhleathach éifeachtach chun dúshlán a chur ar chuideachtaí atá bainteach i gcleachtais ghnó trasteorann a chuireann srian ar iomaíocht agus atá frith-thomhaltóir. Tá ballraíocht an ECN éigeantach do gach Ballstát faoi Rialachán 1 den Chomhpobal Eorpach 2003.

**An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta**

Tá Éire ina ball ar an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Tá 30 tírbhaill ag an ECFE faoi láthair agus coinníonn sé caidrimh ghníomhacha le thart ar 70 tír eile. Freastalann an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe Choiste Iomaíochta an ECFE agus a Pháirtithe Oibre gaolmhara. Éascaíonn an Coiste Iomaíochta mionobair ar an gcleachtas is fearr agus piar-athbhreithniú de pholasaí iomaíochta.

**Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta**

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall ar an Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta (ICN). Bunaíodh an ICN i mí Dheireadh Fómhair 2001 agus soláthraíonn sé fóram neamhfhoirmiúil do ghníomhaireachtaí iomaíochta ar fud an domhain chun ceisteanna praiticiúla a bhaineann le forfheidhmiú iomaíochta a phlé. Glacann gníomhaireachtaí iomaíochta páirt dheonach agus tá sí mar aidhm ag an eagraíocht ardán a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí níos lú chun an clár oibre a shocrú. Tá an ICN uathúil agus is é an t-aon comhlacht idirnáisiúnta atá tiomanta go hiomlán d'fhorfheidhmiú an dlí iomaíochta agus tá os cionn 90 baill aige faoi láthair.

## Polasaí agus Cuir i bhFeidhm Iomaíocht na hEorpa

2.22 Is é an tArd-Stiúrthóir Iomaíochta (DG Comp) agus údaráis iomaíochta i mballstáit an AE a chuireann dlíthe iomaíochta an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm. Cuireann na dlíthe seo le leas tomhaltóirí agus le hiomaíochas an gheilleagair Eorpaigh trína chinntiú nach ndéantar iomaíocht i margadh an AE a dhíchumadh.

2.23 Tá gníomhaíochtaí frith-iontaobhais DG Comp chlúdaithe faoi Airteagail 81 agus 82 de na Conarthaí a bunaíonn an Comhphobal Eorpach. Cuireann Airteagal 81 cosc ar shocruithe a shrianann iomaíocht e.g., socraithe praghas-socraithe agus cairtéil. Cuireann Airteagal 82 cosc ar ghnólacht mí-úsáid a dhéanamh ar staid cheannasach, e.g., praghsáil .

2.24 Ón 1 Bealtain 2003/4, tháinig córas úr maidir le Airteagail 81 agus 82 a chur i bhfeidhm isteach. Ón dáta sin tá an chumhacht ag gach údaras náisiúnta iomaíochta ainmnithe forálacha an dlí Eorpaigh a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú nach ndéantar iomaíocht a dhíchumadh nó a shrianadh. Mar sin tig le cúirteanna náisiúnta an chosc seo a chur i bhfeidhm go díreach d'fhonn na cearta tugtha do shaoránaigh ag an gConradh a chosaint. In Éirinn, ní hamháin go gcuireann na cúirteanna forálacha Airteagail 81 agus 82 i bhfeidhm ina n-acmhainn mar chúirteanna; is iad na húdaráis iomaíochta ainmnithe chomh maith. Ciallaíonn seo i dtaca le dlí an AE go bhfuil feidhm Údarás Iomaíochta na hÉireann mar a gcéanna is atá sí faoin Acht Iomaíochta 2002. Is é sin ná sáruithe ar Airteagail 82 agus 82 a imscrúdú agus iad a thabhairt os comhair na gcúirteanna, a chuireann ansin, ina n-acmhainn mar údaráis ainmnithe, forálacha na nAirteagal i bhfeidhm go díreach. Bunaíodh an uirlis dhleathach don chóras úr seo trí ghlacadh Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1/2003.

2.25 Bunaíodh Líonra Iomaíochta na hEorpa (ENC) faoi Rialachán 1/2003 chun creatlach dhleathach éifeachtúil a fhorbairt chun dúshlán a chur ar chuideachta a bhíonn bainteach i gcleachtais ghnó trasteorann a chuireann srian ar iomaíocht agus atá frith-thomhaltóirí.

2.26 Soláthraíonn an ECN fóram do chomhoibriú agus leithdháileadh cuí maidir le cásanna idir údaráis iomaíochta Ballstáit an AE. Aidhm eile de cuid an ECN ná cur i bhfeidhm comhsheasmhach maidir le rialacha iomaíochta an AE a chur chun cinn. Tá an ECN déanta suas de Choimisiún na hEorpa agus údaráis iomaíochta uile na mBallstát, lena n-áirítear Údarás Iomaíochta na hÉireann. Comhoibríonn Coimisiún na hEorpa agus údaráis iomaíochta ó Bhallstáit an AE lena chéile tríd an ECN trí:

- Cuidiú lena chéile i ndáil le himscrúduithe tríd eolas rúnda ar chásanna a mhalartú;
- Imscrúduithe a chomhordú nuair is cuí;
- Fianaise a mhalartú; agus,
- Cásanna úra agus cinntí a chur in iúl dá chéile.



# 3 TIMPEALLACHT AGUS COMHTHÉACS

## Struchtúr agus Acmhainní an Údaráis Iomaíochta

### An tÚdarás Iomaíochta

3.1 Comhlacht corparáideach neamhspleách is ea an tÚdarás Iomaíochta ina bhfuil cúig bhall ar a n-áirítear Cathaoirleach. Faigheann an tÚdarás Iomaíochta a chumhachtaí ón Acht Iomaíochta 2002. Is stiúrthóir feidhmiúcháin gach Ball den Údarás Iomaíochta atá freagrach as ceann amháin nó níos mó de rannóga an Údaráis Iomaíochta.

### Struchtúr Rannach an Údaráis Iomaíochta

3.2 Tá an an tÚdarás Iomaíochta eagraithe i sé rannóg faoi láthair. Tá Ball i gceannas ar gach rannóg. Tá feidhmeanna gach rannóg leagtha amach i dTábla 1.

**Tábla 1: Lárfheidhmeanna na Rannóga san Údarás Iomaíochta**

| Rannóg | Feidhm |
|---|---|
| **Abhcóideacht** | Comhairle a thabhairt do lucht déanta polasaithe, anailís mhargaidh agus faisnéis mhargaidh agus feasacht a spreagadh. |
| **Cartéil** | Forfheidhmiú coiriúil i ndáil le cairtéil lárghrúpaí faoi Alt 4, idirchaidreamh idirghníomhaireachta agus cuidiú le hionchúisimh. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Bainistiú airgeadais agus acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, cumarsáid, rialú corparáideach, gaolta leis na meáin agus seirbhís do chustaiméirí agus tacaíocht dhleathach. |
| **Cumaisc** | Athbhreithniú ar chumaisc agus treoir do chleachtóirí agus tionscal. |
| **Monaplachtaí** | Forfheidhmiú d'Ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta, 2002 i ndáil le treoir do chustaiméirí, chleachtóirí agus chomhlachtaí tioncail, ar ghnóthaí rialaithe. |
| **Polasaí** | Tacaíocht anailíseach do rannóga eile, go príomha do na Rannóga Cumaisc, bainistiú agus comhordú na hoibre idirnáisiúnta, forbairt de struchtúir eolais agus oiliúna, agus cur i bhfeidhm polasaithe agus straitéisí. |

3.3 Ag cur an Chathaoirligh agus na mBall san áireamh, tá cead ag an Údarás Iomaíochta 52 ball foirne a fhostú[2]. Déantar foireann a earcú ó éagsúlacht de chúlra, lena n-áirítear an dlí, eacnamaíocht, imscrúdú fóiréinseach agus riarachán poiblí.

3.4 Léiríonn Tábla 2 thíos briseadh síos acmhainní an Údaráis Iomaíochta thar a lárghníomhaíochtaí.

**Tábla 2: Lárghníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta**

| Gníomhaíochtaí | Céadatán na nAcmhainní |
|---|---|
| Abhcóideacht Iomaíochta | 20% |
| Forfheidhmiú an Dlí Iomaíochta | 60% |
| Athbhreithniú ar Chumaisc | 20% |

### Painéal Comhairleach

3.5 Bunaíodh Painéal Comhairleach an Údaráis Iomaíochta ar dtús i nDeireadh Fómhair 2001. Tugann an Painéal Comhairleach comhairle sheachtrach don Údarás Iomaíochta ar cheisteanna dleathacha, polasaí, bainistíochta agus straitéiseacha. Mar shampla, chuidigh an Painéal Comhairleach leis an Údarás Iomaíochta ullmhú don Acht Iomaíochta 2002 agus nuachóiriú pholasaí iomaíochta na hEorpa i 2003. Gníomhaíonn baill an phainéil in acmhainn neamh-fheidhmiúcháin agus tagann siad as éagsúlacht de chúlraí ar a n-áirítear cúlraí dleathacha, acadúla agus gníomhaireachtaí rialaithe nó rialtais.

### Coiste Iniúchta Inmheánaigh

3.6 Tá an tÚdarás Iomaíochta tiomanta do thacú, forbairt agus athbhreithniú na timpeallachta rialaithe inmheánaí agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh. Cuimsíonn seo gach réimse gníomhaíochta a bhfuil an tOifigeach Cuntasaíochta (Cathaoirleach) agus an tÚdarás Iomaíochta freagrach as. D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach ceapadh Iniúchóir Inmheánach neamhspleách a dhéanfaidh tuairisc díreach chuig an gCoiste Iniúchta. Tá an Coiste Iniúchta neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus níl seo faoi réir treorach nó rialaithe ó pháirtí seachrach ar bith. Soláthraíonn sé an tÚdarás Iomaíochta le hanailísí, luachálacha, moltaí agus eolas oiriúnach i ndáil le ceisteanna a athbhreithníonn sé agus ní threoranaíonn sé é féin do ghníomhaíochtaí airgeadais nó cuntasaíochta.

2. Tá forálacha sna meastacháin don bhliain 2006 le haghaidh seacht fostaí breise; is de bhun smachtbhanna é seo á dtabhairt amach ag an Roinn Airgeadais

## Forbairtí Réamh-Mheasta don Todhchaí

Bhreathnaigh an tÚdarás Iomaíochta ar roinnt forbairtí don todhchaí a bhfuil an chosúlacht go mbeidh iarmhairt shuntasacha acu ar a obair idir 2006 & 2008.

**Athruithe sa Reachtaíocht**

3.7 I mí na Nollag 2005, d'fhoilsigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta An Bille Iomaíochta (Leasú), 2005 atá deartha chun an tOrdú um Earraí Grósaera a chúlghairm agus chun an tAcht Iomaíochta 2002 a leasú. Leanann an tÚdarás Iomaíochta de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta 2002 i ndáil le comhairle a thabhairt faoi leasuithe riachtanacha sa todhchaí.

**Measúnachtaí Iarmhartha Rialaithe**

3.8 Rinne Páipéar Bán an Rialtais "Rialáil Níos Fearr" sé phrionsabal a leagan amach i ndáil le rialáil níos fearr. Faoin bprionsabal comhréireachta tá tiomantas ann Measúnachtaí Iarmharta Rialaithe (RIAs) a úsáid nuair atáthar ag breathnú ar dhlíthe agus rialacháin úra a thabhairt isteach. Bhí drochiarmhairt ag rialacháin cosúil leis an Acht um Earraí Grósaera ar iomaíocht agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ionchur ag an Údarás Iomaíochta maidir le hanailís dréacht-rialachán san earnáil seo agus earnálacha eile den gheilleagar.

**Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí**

3.9 Beidh sainordú reachtúil ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) atá le bunú go luath mar abhcóide tomhaltóirí. Tá cuid den ról seo glactha ag an Údarás Iomaíochta le blianta beaga anuas. Tá an chosúlacht ann go mbeidh trasnú ann idir obair an Údaráis Iomaíochta agus an GNT go háirithe i réimse an mhargaidh agus staidéar earnála. Beidh gá ann an obair a chomhordú idir an dá chomhlacht agus tig seo a dhéanamh oifigiúil trí shocrú comhoibrithe.

**Feidhm Idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta atá ag fás**

3.10 Rinneadh cur chuige an Aontais Eorpaigh maidir le feidhmiú an dlí iomaíochta a nuachóiriú faoi Rialachán CE 1/2003 agus bhí éifeacht leis ó 1 Bealtaine 2004. Bhunaigh an próiseas nuachóirithe Líonra Iomaíochta na hEorpa a chuimsíonn an hÚdaráis Iomaíochta ó na Ballstáit agus ó Choimisiún na hEorpa. Mhéadaigh Líonra Iomaíochta na hEorpa agus a ghrúpaí oibre bainteacha dualgais agus tiomantas an Údaráis Iomaíochta ag leibhéal AE. Táthar ag dréim go méadóidh seo sna blianta amach romhainn.

3.11 Táthar ag súil go bhfásfaidh bainteacht idirnáisúnta an Údaráis Iomaíochta tríd an ECFE, Údaráis Iomaíochta na hEorpa, An Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta agus caidrimh dhéthaobhacha feabhsaithe le húdaráis iomaíochta eile de bharr an idirnáisiúnaithe gasta agus leanúnach ar pholasaí iomaíochta.

**Breisfhorleathnú ar an Údarás Iomaíochta**

3.12 I mí na Samhna 2005 d'fhógair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta moladh maidir le buiséad an Údaráis Iomaíochta a mhéadú. Is é an buiséad do 2006 atá molta don Údarás Iomaíochta ná €5.831m, méadú de €752,000 (15%) ar a leithdháileadh do 2005. Caithfear cuid shuntasach den mhéadú seo ar fhostú cás-oifigeach breise chun acmhainní forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta a threisiú. Tá na poist bhreise seo d'fhoireann faoi réir faofa ón Roinn Airgeadais.

## Tosca Criticiúla Ratha

3.13 Nuair a bhí an tÚdarás Iomaíochta ag socrú a chuspóirí agus a Spriocanna bhí orthu breathnú ar roinnt de thosca criticiúla ratha a mbeidh tionchar acu ar chur i bhfeidhm a straitéise. I go leor cásanna bíonn na tosca criticiúla ratha seo den chuid is mó lasmuigh de smacht an Údaráis Iomaíochta.

**Foireann agus Acmhainní**

3.14 Cosúil le heagraíocht ar bith eile is í foireann an Údaráis Iomaíochta a acmhainn is tábhachtaí. Soláthraíonn an leasú ar an Acht Iomaíochta, 2002 agus an méadú tuartha i líon na foirne dúshláin agus deiseanna don Údaráis Iomaíochta.

3.15 Leis an méadú i leibhéal foirne an Údaráis Iomaíochta agus an teannas dosheachanta ar chórais agus ar phróisis inmheánacha beidh sé tábhachtach an méid den fhoireann a fhaigheann a íosmhéadú agus an leibhéal leanúna a uasmhéadú. De bharr nádúr teicniúil an gheilleagair, na hanailís fóiréinsí de dhíth agus na ndeacrachtaí a bhaineann le hearcú foirne leis na scileanna cuí, déanfaidh an tÚdaráis Iomaíochta a dhícheall leibhéal an ráta athraithe foirne a choinneáil faoi 20%.

**An Córas Dleathach agus an Próiseas Ionchúisimh**

3.16 Braitheann baint amach Ráiteas Misin an Údaráis Iomaíochta ní hamháin ar a fheidhmiúchán féin ach ar ghnéithe taobh amuigh de smacht an Údaráis Iomaíochta chomh maith cosúil le luas agus éifeachtúlacht an phróisis dhleathaigh. Tá ionchúiseamh a bhaineann le cásanna iomaíochta casta agus lán de shonraí araon. Dá bharr sin, go hiondúil bíonn cásanna cúirte fada agus bíonn nósanna imeachta dleathacha fairsinge de dhíth roimh ré cosúil le follasú agus sainfhianaise sa chúirt.


3.17 Do chásanna coiriúla caithfidh an tÚdarás Iomaíochta comhad a ullmhú agus a chur ar aghaidh an an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) atá freagrach as gach ionchúiseamh a thabhairt ar dhíotáil. Mar sin braitheann cumas an Údaráis Iomaíochta ionchúisimh a thabhairt go rathúil ar ní amháin a acmhainní féin ach ar bhreithiúnas an DPP i ngach cás faoi leith.

**An Gheilleagar Polaitiúil agus Polasaí Timpeallachta**

3.18 Ní sholáthraíonn an tAcht Iomaíochta d'fheidhmiú físeálacha i gcásanna sibhialta. Is gnáthghnéithe d'fhorfheidhmiú iomaíochta iad físeálacha i go leor tíortha eile lena n-áirítear údaráis an ghnáthchórais dlí. Níl sé soiléir go fóill an mbeadh coincheap na bhfíneálacha sibhialta comhsheasmhach le Bunreacht na hÉireann. Ní thig leis an Údarás Iomaíochta, agus é ag úsáid nósanna imeachta forfheidhmithe sibhialta, ach dearbhú a lorg ón gcúirt go bhfuil gníomhaíocht faoi leith ag sárú an Achta Iomaíochta, agus urghaire chun deireadh a chur le socrú frith-iomaíochta nó iompar a bhí ag mí-úsáid staide ceannasaí.

3.19 Braitheann an tÚdarás Iomaíochta go mór, ar fheasacht agus ar thacaíocht phoiblí chun a fheidhmeanna a dhéanamh. Cé go gcuireann tÚdarás Iomaíochta tús lena imscrúduithe féin, cuirtear tús le formhór a imscrúduithe trí ghearáin ó thomhaltóirí, comhlachtaí tomhaltóirí, grúpaí tionscail agus daoine eile.

3.20 Ní sé de dhualgas ar an Rialtas nó chomhlachtaí poiblí eile freagairt ar moltaí an Údaráis Iomaíochta maidir le feabhas a chur ar iomaíocht. I ndlinsí eile bíonn tiomantais ainmnithe ag rialtais maidir le freagairt ar mholtaí laistigh de teorann ama ainmnithe. Tig le heaspa d'fhreagairt fhoirmiúil ón Rialtas faoi mholtaí maidir le díchur srianta poiblí an bonn a bhaint de mholtaí an Údaráis Iomaíochta.



# 4 STRAITÉISÍ AGUS FEIDHMIÚCHÁN

**Réamhrá**

4.1 Leagan an Mhír seo straitéisí sainiúla an Údaráis Iomaíochta amach don tréimhse 2006 – 2008. Tá straitéisí an Údaráis Iomaíochta grúpáilte ag brath ar cé acu ceann de Spriocanna ardleibhéil an Údaráis Iomaíochta a mbaineann siad leis. Cuirtear liosta sonraithe de na táscairí feidhmiúcháin ina bhféadfar rath na straitéisí seo a mheas i láthair ansin.

4.2 Tá líon de 'lárfheidhmeanna' ag gach ceann de shé rannóg an Údaráis Iomaíochta. Tá liosta de na lárfheidhmeanna rannacha agus an bhaint atá acu le Spriocanna an Údaráis Iomaíochta i dTábla 3.

**Tábla 3 – An bhaint atá ag feidhmeanna rannacha le Spriocanna an Údaráis Iomaíochta**

| Sprioc | Lárfheidhmeanna | Rannóg |
|---|---|---|
| **Sprioc 1 – An comhlíonadh is fearr agus is féidir leis an dlí iomaíochta a chinntiú** | Forfheidhmiú an Dlí Iomaíochta | Cairtéil agus Monaplachtaí |
| | Athbhreithniú Cumasc | Cumaisc agus Polasaí |
| | Idirchaidreamh Idirghníomhaireachta agus cuidiú le hionchúiseamh | Cairtéil |
| | Treoir | Monaplachtaí agus Cumaisc |
| **Sprioc 2 – Iomaíocht a chur chun cinn in áiteanna ina mbíonn sé in easnamh, teoranta nó srianta** | Anailís & Faisnéis | Abhcóideacht |
| | Gnóthaí Rialaithe | Monaplachtaí & Abhcóideacht |
| | Comhairle do Lucht Déanta Polasaithe | Abhcóideacht |
| **Sprioc 3 – Feasacht agus tuiscint a spreagadh maidir le buntáistí na hiomaíochta i measc lucht déanta polasaithe, gnóthaí agus tomhaltóirí** | Feasacht a spreagadh | Gach Rannóg |
| | Cumarsáid Sheachtrach | Seirbhísí Corparáideacha |
| **Sprioc 4 – Seirbhísí fónta agus tráthúla a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, inmheánach agus seachtrach araon** | Bainistiú Airgeadais agus Acmhainní Daonna | Seirbhísí Corparáideacha |
| | Rialachas Corparáideach & Seirbhísí do Chustaiméirí | Seirbhísí Corparáideacha |
| | Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide | Seirbhísí Corparáideacha |
| | Tacaíocht Dhleathach | Seirbhísí Corparáideacha |
| | Tacaíocht Anailíseach do Rannóga eile | Polasaí |
| | Faisnéis, Oiliúint agus Cumarsáid Inmheánach | Seirbhísí Corparáideacha agus Polasaí |
| **Sprioc 5 – Dualgais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus cur le forbairt de, agus coinbhéirseacht do na caighdeáin chleachtais idirnáisiúnta is fearr i ndáil le polasaí agus forfheidhmiú iomaíochta** | Rannpháirtíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta, coistí déanta polasaithe/cinntí agus piarathbhreithnithe | Gach rannóg |
| | Comhdhálacha agus seimineáir idirnáisiúnta | Gach rannóg |
| | Caidreamh le GNTanna eile | Gach rannóg |
| | Cur i bhfeidhm agus forbairt maidir le polasaí idirnáisiúnta Údaráis Iomaíochta | Gach rannóg |

# Straitéisí

## Straitéisí a thacaíonn Sprioc 1: Comhlíonadh leis an Dlí Iomaíochta

4.3 Is í chéad Sprioc an Údaráis Iomaíochta ná:

**"An comhlíonadh is fearr agus is féidir leis an dlí iomaíochta a chinntiú."**

4.4 Tá an tÚdarás Iomaíochta ag iarraidh an Sprioc seo a bhaint amach trí dhá straitéis leathana. Ar dtús, forfeidhmíonn an tÚdarás Iomaíochta míreanna ábhartha na Achta Iomaíochta 2002. Bíonn iarmhairtí bactha sonracha agus ginearálta araon ag forfheidhmiú an dlí. Baineann bacadh sonrach leis na daoine aonair nó gnólachtaí áirithe a bhíonn mar ábhar gníomhartha an Údaráis Iomaíochta. Ar an láimh eile de baineann bacadh ginearálta leis an iarmhairt eisleamláireach a bhíonn ag gníomh áirithe den Údarás Iomaíochta ar ghnólachtaí agus daoine aonair eile. Is é an dara rud ná, lorgaíonn an tÚdarás Iomaíochta treoir a sholáthar maidir leis na cineálacha iompair a sáraíonn agus go háirithe, nach sáraíonn an dlí iomaíochta.

**Forfheidhmiú Ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002**

4.5 Tá trí chéim bainteach le forfheidhmiú Ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002. Ba iad seo aimsiú, imscrúdú agus tús a chur le himeachtaí dleathacha.

4.6 Baineann an chéad chéim le haimsiú sáraithe. Féadfaidh an Údarás Iomaíochta a fháil amach faoi shárú líomhanta ar an Acht Iomaíochta i roinnt bealaí, e.g., tríd an bpróiseas gearán, tríd an gClár um Dhíolúine Cairtéal Choiriúla nó trí mhonatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás iomaíochta go hidirnáisiúnta. Tá na straitéisí thíos deartha chun feabhas a chur ar na meicníochtaí seo agus iad a fhorbairt.

An comhlíonadh is fearr agus is féidir leis an dlí iomaíochta a chinntiú.

**Sáruithe ar an Dlí Iomaíochta a Aimsiú**

| | | |
|---|---|---|
| S1.1 | Feabhas a chur ar chumas an Údaráis Iomaíochta chun sáruithe ar an dlí iomaíochta a aimsiú trí: | |
| | - Treoir leasaithe a fhoilsiú do ghearánaigh fhéideartha. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras scagtha gearán imheánach. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Monatóireacht a dhéanamh ar imscrúduithe ag leibhéal AE agus le hÚdaráis Náisiúnta Iomaíochta eile ina bhfuil iomaitheoirí ar chomhchosúil san iomaíocht i margaí na hÉireann. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Leanúint de mhodhanna úra nó malairte maidir le haimsiú sáruithe ar an dlí iomaíochta a scrúdú. | Blianta 1,2 & 3 |
| S1.2 | Éifeachtúlacht an Chláir um Dhíolúine Cairteál Choiriúla a uasmhéadú trí: | |
| | - Athbhreithniú, i gcónasc leis an Stiúrthóir Iomchúiseamh Poiblí (DPP), a dhéanamh ar an gClár um Dhíolúine Cairteál Choiriúla chun fáil amach an dóigh a bhféadfaí a éifeachtúlacht a threisiú. | Blianta 2 |
| | - An Clár um Dhíolúine Cairteál Choiriúla a chur chun cinn d'fhonn feasacht a spreagadh lena aghaidh ar fud na páirtithe leasmhara go léir. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Leanúint de bheith rannpháirteach i Grúpa Oibre Trócaire Líonra Iomaíochta na hEorpa (ECN) sa dóigh go gcoinneofar ar an eolas maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. | Blianta 1,2 & 3 |

4.7 Baineann an dara céim d'fhorfheidhmiú le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha. Soláthraíonn an tAcht Iomaíochta roinnt cumhachtaí don Údarás Iomaíochta chun cuidiú leo fianaise a bhailiú. Tá na straitéisí thíos deartha sa dóigh go beidh an tÚdarás Iomaíochta ábalta leanúint dá acmhainn imscrúdaitheach a fhorbairt.

**Imscrúdú a dhéanamh ar Sháruithe an Dlí Iomaíochta**

| | | |
|---|---|---|
| S1.3 | Leanúint d'imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhanta an dlí iomaíochta, roghnaithe in oird tosaíocht, agus acmhainní a leithdháileach dá réir. | Blianta 1,2 & 3 |
| S1.4 | Leanúint d'imscrúduithe foireannbhunaithe a fhorbairt ag baint úsáide as saineolas eacnamaíoch, dleathach agus fóirséinseach. | Blianta 1,2 & 3 |
| S1.5 | Leanúint d'úsáid a bhaint as cumhachtaí agus uirlisí imscrúdaitheacha ar mhian an Údaráis Íomaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |

| | | |
|---|---|---|
| S1.6 | Feabhas a chur ar chumas an Údaráis Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar an dlí iomaíochta trí: | |
| | - Leanúint de chaipiteal daonna a infheistiú i bhforbairt chaighdeáin imscrúdaitheacha an chleachtais is fearr. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Bogearraí agus meicníochtaí imscrúdaithe fóiréinseacha leictreonach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |

4.8 Le himscrúduithe coiriúla déanann an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú, agus ullmhaíonn siad comhaid don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), a chinneann ansin má ionchúiseoidh sé. Más é cuspóir deiridh an Údaráis Iomaíochta ciontuithe a dhaigniú, beidh caidreamh gairmiúil leis an DPP fíorthábhachtach.

**Ionchúiseamh agus Idirchaidreamh Idirghníomhaireachta**

| | | |
|---|---|---|
| S1.7 | Feabhas a chur ar chumas an Údaráis Iomaíochta cásanna coiriúla a thabhairt os comhair na cúirte trí an DPP trí: | |
| | - Bheith bainteach i gcruinnithe rialta agus tráthúla leis an DPP agus Oifig an Príomh-Aturnae Stáit. | Blianta 1,2 & 3 |
| S1.8 | Feasacht a spreagadh maidir leis an dochar a tharlaíonn de bharr iompar frith-iomaíochta i measc na ngníomhaireachtaí ábhartha. | Blianta 1,2 & 3 |

**Athbhreithniú Cumasc**

4.9 Tá feidhm athbhreithnithe cumasc an Údaráis Iomaíochta ag feidhmiú go rathúil agus ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde ó mhí Eanáir 2003. Tá na straitéisí thíos deartha lena chinntiú go leanann an tÚdarás Iomaíochta leis an treocht seo tríd a nósanna imeachta inmheánacha a shruthlíniú agus scrúdú a dhéanamh ar iarmhairt a chinntí i gcásanna áirithe.

**Athbhreithniú Cumasc**

| | | |
|---|---|---|
| S1.9 | A chinntiú go ndéantar cumaisc a phróiseáladh agus a mheasúnú i mbealach fónta, tráthúil agus éifeachtach trí: | |
| | - Tabhairt faoi 'Shuirbhé Chliant' chun aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara seachtracha ar éifeachtacht réisím rialaithe cumasc an Údaráis Iomaíochta . | Bliain 1 & 3 |
| | - Tabhairt faoi agus foilsiú d'anailís ex-post i ndáil le cinntí cumaisc glactha ag an Údarás Iomaíochta | Bliain 3 |

| | | |
|---|---|---|
| S1.10 | A chinntiú go ndéanann an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú ar chumaisc faoin tairseach fógraithe ach a d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí suntasacha acu ar iomaíocht. Tig seo a bhaint amach trí fhógra deonach na bpáirtithe leasmhara atá bainteach nó tríd imscrúduithe arna dhéanamh faoi ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |

**Treoir a Sholáthar i ndáil le Dlí Iomaíochta**

4.10 B'fhearr an dlí iomaíochta a chomhlíonadh agus níl sé chomh costasach agus atá a mhalairt fhorfheidhmithe. Mar sin, aithníonn an tÚdarás Iomaíochta an tábhacht a bhaineann le treoir a sholáthar don phobal gnó ar na cineálacha iompair a sháródh an dlí iomaíochta. Tá na straitéisí thíos deartha chun an leibhéal de threoir a sholáthraítear don phobal gnó agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a mhéadú.

**Treoir ar an Dlí Iomaíochta**

| | | |
|---|---|---|
| S1.11 | Treoir a sholáthar do na páirtithe leasmhara ábhartha ar réisím rialaithe cumasc an Údaráis Iomaíochta trí: | |
| | - Cinntí réasúnaithe a fhoilsí. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Comhdháil Cumasc a thionól. | Bliain 2 |
| | - Leasú a dhéanamh ar nósanna imeachta, próisis, foirmeacha agus treoirlínte foilsithe mar is cuí agus bunaithe ar aiseolas an 'tSuirbhé Client'. | Blianta 1,2 & 3 |
| S1.12 | Comhlíonadh leis an dlí iomaíochta a chur chun cinn trí: | |
| | - Nótaí réasúnaithe ar Chinneadh Forfheidhmithe a fhoilsiú. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Nótaí treorach agus dearbhuithe a fhoilsiú mar is cuí. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Cur i láthair a dhéanamh do chleachtóir, tionscal agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. | Blianta 1,2 & 3 |

## Straitéisí a thacaíonn Sprioc 2: Iomaíocht a Chur chun Cinn

4.11 Is í an dara Sprioc ag an Údarás Iomaíochta ná:

**"Iomaíocht a chur chun cinn in áiteanna ina mbíonn sí in easnamh, teoranta nó srianta."**

4.12 Lorgaíonn an tÚdarás Iomaíochta iomaíocht a chur chun cinn ar dtús tríd na háiteanna agus na cúiseanna go mbíonn sí in easnamh, teoranta nó srianta a shainaithint. Tá na straitéisí a leanas deartha lena chinntiú go dtabharfaidh sé faoi ngníomhaíocht seo sa bhealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

**Anailís agus Faisnéis**

| | | |
|---|---|---|
| S2.1 | Tabhairt faoi staidéir ar bith a iarrann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |
| S2.2 | Na hearnálacha nach bhfuil an iomaíochas ag feidhmiú go sásúil iontu a scrúdú mar seo a leanas: | |
| | - Na scrúduithe i ndáil le hearnáil na seirbhísí gairmiúla a chur i gcríoch. | Bliain 1 & 2 |
| | - Tabhairt faoi scrúduithe úra de réir an pholasaí inmheánaigh mar atá leagtha amach san Athbhreithniú ar Staidéir. | Bliain 2 & 3 |
| S2.3 | Córas sruthlínithe do tháirgeadh ardchaighdeáin de thuarascálacha, aighneachtaí agus páipéir staide a chur i bhfeidhm trí: | |
| | - Moltaí an tAthbhreithniú ar Staidéir an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |

4.13 Tá teascáin áirithe den gheilleagar mar ábhar rialachán eacnamaíoch fairsing. Lorgaíonn an tÚdarás Iomaíochta a chinntiú go mbeidh a leithéid de rialachán comhréireach agus, nuair is féidir, go dtabharfar bearta isteach chun iomaíocht a threisiú. D'fhonn iomaíocht a chur chun cinn in earnálacha rialaithe an gheilleagair braitheann an tÚdarás Iomaíochta ar chaidrimh mhaithe oibre le Ranna Rialtais agus Rialtóirí earnála neamhspleácha.

**Earnálacha Rialaithe**

| | | |
|---|---|---|
| S2.4 | Caidrimh mhaithe oibre a athneartú le rialtóirí earnála clúdaithe ag socruithe comhoibrithe trí: | |
| | - Éifeachtúlacht socruithe comhoibrithe reatha le rialtóirí earnála a threisiú. | Blianta 1,2 & 3 |

| | | |
|---|---|---|
| - | Pointí teagmhála tiomanta ag an Údarás Iomaíochta agus oifig an rialtóra ábhartha a ainmniú. | Bliain 1 |
| - | Bealaí cumarsáide oscailte a choinneáil. | Blianta 1,2 & 3 |
| - | A bheith rannpháirteach i bpróiseas athbhreithnithe margaidh telecom. | Bliain 2 |

4.14 Tá an tÚdarás Iomaíochta sainordaithe chun comhairle a sholáthar d'Airí agus brainsí eile den Stát (e.g., Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais) ar chásanna ina mbíonn iomaíocht in easnamh, teoranta nó srianta agus nuair nach mbíonn réiteach forfheidhmithe féideartha nó cuí. Mar shampla, cuirtear ceist ar an Údarás Iomaíochta go minic trácht a dhéanamh ar reachtaíocht mholta.

4.15 Gníomhaíonn an tÚdarás Iomaíochta chun iomaíocht a chur chun cinn trí a bhallraíocht ar roinnt grúpaí ad hoc agus grúpaí seasta chomh maith. Samplaí dóibh seo ná An Comhairle Chomhairleach Tacsaithe, Grúpa Rialáil Níos Fearr an Rialtas agus an Grúpa Athbhreithnithe Ceanntalaíochta/Gníomhaireachta Eastáit.

**Comhairle do Lucht Déanta Polasaithe**

S2.5 Modhanna níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla maidir le comhairle a sholáthar d'Airí, Ranna Rialtais agus Údaráis Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí:

| | | |
|---|---|---|
| - | An caidreamh maith leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a leanúint ar aghaidh.. | Blianta 1,2 & 3 |
| - | An caidreamh seo a dhéanamh oifigiúil trí mheabhrán tuisceana a fhorbairt sa dóigh go bhféadfaidh an tÚdarás Iomaíochta trácht a dhéanamh i mbealach tráthúla agus breithnithe ar mheabhráin don Rialtas mar is cuí. | Bliain 1 |
| - | Córas monatóireachta ar reachtaíocht a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |
| - | Páirt a ghlacadh i gcoistí Rialtais, coimisiúin, ábhartha, etc., go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint le ceisteanna iomaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |
| - | Tacú leis an bpróiseas iarmharta rialaithe trí polasaí 'scagtha iomaíochta' agus clár oiliúna a fhorbairt . | Bliain 2 |
| - | Líonra teagmhála a fhorbairt agus a choinneáil ar fud Ranna Rialtais agus údarás rialaithe. | Bliain 2 |

## Straitéisí a thacaíonn Sprioc 3: Feasacht a Spreagadh

4.16 Is í an tríú Sprioc ag an Údarás Iomaíochta ná:

**"Feasacht agus tuiscint a spreagadh i ndáil le buntáistí na hiomaíochta i measc lucht déanta polasaithe, gnóthaí agus tomhaltóirí."**

4.17 Le cois feasacht ginearálta a spreagadh i ndáil le buntáistí na hiomaíochta lorgóidh an tÚdarás Iomaíochta saincheisteanna a shonrú thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Is éard a bheidh anseo ná na ceisteanna a bhaineann le fadhbanna agus réitigh iomaíochta atá sainaitheanta cheana a leanúint suas i mbealach neartmhar. Trí leanúint dá straitéis cumarsáide inmhéanaí lorgóidh an tÚdarás Iomaíochta feasacht a spreagadh i ndáil leis na ceisteanna seo agus móimintim a fhorbairt chun athleasuithe cuí a chur i bhfeidhm.

**Feasacht a spreagadh**

S3.1 Próiseas maidir le hathleanúint chórasach agus shonraithe ar mholtaí déanta ag an Údarás Iomaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí:

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha. — Blianta 1,2 & 3
- Feasacht agus tuiscint a spreagadh maidir leis na buntáistí a bhaineann le moltaí an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm (i.e, trí chur i láthair a sheachadadh, cainteanna comhdhálacha, ailt preasa a scríobh, agus agallaimh na meán a thabhairt). — Blianta 1,2 & 3
- 'Tuarascáil Stádais' a fhoilsiú ar chur i bhfeidhm mholtaí an Údaráis Iomaíochta, mar pháirt de Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis Iomaíochta. — Bliain 1 & 2
- Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta a a fhoilsiú a bheadh in ionad an Tuarascála Stádais. — Bliain 3

S3.2 Cumas an Údaráis Iomaíochta a threisiú chun feasacht a spreagadh i ndáil le ceisteanna iomaíochta agus a dtábhacht trí:

- Córas a bhunadh chun tús áite a thabhairt do cheisteanna a chuirfear in iúl do pháirtithe leasmhara seachtracha. — Bliain 2
- Cuspóirí blaintiúla a léirú trí ghníomhaíocht ar thógail feasachta lena n-áirítear óráidí, cuir i láthair, agallaimh do na meáin agus ailt preasa. — Bliain 2
- An modh chun éifeachtúlacht straitéis chumarsáide seachtraí an Údaráis Iomaíochta a luacháil a threisiú. — Bliain 2

| | | |
|---|---|---|
| S3.3 | Líonra de lucht déanta polasaithe a fhorbairt i réimsí ábhartha d'fhonn feabhas a chur ar fheasacht cheisteanna iomaíochta trí: | |
| | - Comhleasa a shainaithint, teagmháil a thosú le agus idirchaidreamh a dhéanamh le líonra féideartha de lucht déanta polasaithe. | Blianta 1,2 & 3 |
| S3.4 | Leanúint de feabhas a chur ar chumarsáid le páirithe leasmhara seachtracha d'fhonn feasacht a spreagadh faoi ghníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta agus comhlíonadh an dlí iomaíochta a mhéadú trí: | |
| | - Tabhairt faoi mheasúnacht ar an straitéis chumarsáide seachtraí reatha agus moltaí ar bith ón athbhreithniú seo a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |

## Straitéisí a thacaíonn Sprioc 4:
## Seirbhís Éifeachtúil agus Tráthúil a Sholáthar

4.18 Is í an ceathrú Sprioc ag an Udarás Iomaíochta ná:

**"Seirbhís éifeachtúil agus trathúil a sholáthar do pháirtithe leasmhara, inmheánach agus seachtrach araon."**

4.19 Tá sí mar aidhm ag an Údarás Iomaíochta a bheith gairmiúil ina dhéileáil lena pháirtithe leasmhara uile. Cuimsíonn páirtithe leasmhara seachtracha na páirtithe go léir a bhfuil teagmháil ag an Údarás Iomaíochta leo (e.g., tomhaltóirí, gnólachtaí, ionadaithe poiblí, an pobal dleathach agus na meáin). Cuimsíonn páirtithe leasmhara inmheánacha gach ball d'fhoireann an Údaráis Iomaíochta. Tá na straitéisí thíos deartha lena chinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí an caighdeán is airde de sheirbhísí agus is féidir agus go bhfuil foireann an Údaráis Iomaíochta sa staid is fearr agus is féidir lena chinntiú go ndéantar an caighdeán is airde de sheirbhísí a sholáthar.

**Rialachas Corparáideach agus Seirbhísí do Chustaiméirí**

| | | |
|---|---|---|
| S4.1 | Ardchaighdeán de rialachas corparáideach a chinntiú trí: | |
| | - Coiste Iniúchta Inmheánaí a bhunú. | Bliain 1 |
| | - Iniúchóir Inmheánach a cheapadh chun tuairisciú chuig an Coiste Iniúchta Inmheánaí. | Bliain 1 |
| | - Iniúchadh bliantúil ar chomhlíonadh le cóid chleachtais agus iompar rialachais chorparáidigh. | Blianta 1,2 & 3 |
| S4.2 | Ardchaighdeán de sheirbhísí do chustaiméirí a chinntiú trí: | |
| | - Cáirt Chustaiméara. | Bliain 1 |
| | - Comhlíonadh leis an gCairt a mhonatóireacht. | Blianta 1,2 & 3 |

**Bainistiú Airgeadais agus Acmhainní Daonna**

S4.3 A chinntiú go bhfuil córais bhainisithe airgeadais de réir an chleachtais is fearr trí:

| | |
|---|---|
| - Cuntais agus próisis airgeadais an Údaráis Iomaíochta a choinneáil ag na caighdeáin is airde. Cuimsíonn seo infhaighteacht suas chun dáta a bheith ann don Údarás Iomaíochta, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht agus don Oireachtas. | Blianta 1,2 & 3 |
| - Feabhas a chur ar uirlisí bainisithe airgeadais trína chinntiú go gcuirtear na moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Coiste Iniúchta Inmheánaí i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. | Blianta 1,2 & 3 |
| - Polasaí agus Nósanna Imeachta Airgeadais Inmhéanaigh a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |
| - Athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí agus Nósanna Imeachta Airgeadais Inmhéanaigh go bliantúil. | Blianta 1,2 & 3 |

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

S4.4 A chinntiú go bhfuil córais TFC go leor sa dóigh go mbeidh an tÚdarás Iomaíochta ábalta a fheidhmeanna a dhéanamh i mbealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil trí:

| | |
|---|---|
| - Láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta a athfhorbairt, inlíne a fhorbairt d'fhoireann an Údaráis Iomaíochta agus plean athshlánaithe gnó a fhorbairt chun freastal ar iomlánteip chórais TFC. | Bliain 1 |
| - Beartas ICTa fhorbairt agus a fhoilsiú go hinmheánach ar nósanna imeachta atá ann chun athbhreithniú a dhéanmah ar riachtanais an fhoireann ICT agus chun oiliúint ICT a shainiú agus a chur ar fáil. | Bliain 2 |
| - Polasaí TFC a chur i bhfeidhm. | Bliain 3 |

**Tacaíocht Dhleathach & an Timpeallacht**

S4.5 A chinntiú go bhfuil an tÚdarás Iomaíochta réidh chun bheith rannpháirteach agus athleasú ar reachtaíocht iomaíochta a chur chun cinn trí:

| | |
|---|---|
| - Idirchaidreamh le hEarnáil Polasaí Iomaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaithe. | Blianta 1,2 & 3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | - | Breathnú ar leasuithe teicniúla ar an Acht Iomaíochta 2002 bunaithe ar thaithí feidhmiúcháin agus trácht a dhéanamh ar leasuithe molta do reachtaíocht iomaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |

**Eolas agus Oiliúint**

| | | | |
|---|---|---|---|
| S4.6 | Cumas an Údaráis Iomaíochta a threisiú maidir leis na hacmhainní éagsúla eolais atá ar fáil do, go hinmheánach agus go seachtrach araon a ghabháil, trí: | | |
| | - | Measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus easnamh eolais reatha d'fhoireann an Údaráis Iomaíochta agus polasaí cuí a fhorbairt. | Bliain 1 |
| | - | Polasaí úr eolais a chur i bhfheidhm. | Bliain 2 |
| S4.7 | Cumas oiliúna foirne foirmiúla an Údaráis Iomaíochta a fhorbairt trí: | | |
| | - | Meicníocht agus polasaí bainteach a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna foirne i gcomhthéacs Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (CBFF). | Bliain 1 |
| | - | Polasaí oiliúna úir a chur i bhfeidhm. | Bliain 2 |
| S4.8 | Sraith seimineár a eagrú agus a thionól ar pholasaí iomaíochta ábhartha agus ceisteanna forfheidhmithe: | | |
| | - | Trí sheimineár poiblí a thionól san earrach agus trí cheann a thionól san fhómhair. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - | Trí sheimineár inmheánacha a thionól san earrach agus trí cheann a thionól san fhómhair. | Blianta 1,2 & 3 |

## Straitéisí a thacaíonn Sprioc 5:
## Dualgais Idirnáisiúnta agus an Cleachtas is Fearr

4.20 Is í an cúigiú Sprioc ag an Údarás Iomaíochta ná :

**"Dualgais idirnáisúnta a chomhlíonadh le cois cur le forbairt de, agus coinbhéirseacht don, an chleachtas idirnáisiúnta is fearr i bpolasaí agus i bhforfheidhmiú iomaíochta."**

**Idirnáisiúnta**

| | | |
|---|---|---|
| S5.1 | Páirt a ghlacadh i gcásanna Choimisiún na hEorpa agus déanamh polasaithe an AE ar theoracha agus rialacháin, trí Chomhairle na hEorpa agus Coistí Comhairleacha. | Blianta 1,2 & 3 |

| | | |
|---|---|---|
| S5.2 | Freastal ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir idirnáisiúnta ábhartha agus páipéir a chur i láthair acu. | Blianta 1,2 & 3 |
| S5.3 | Caidrimh níos fearr a dhéanamh le hÚdaráis Náisiúnta Iomaíocht eile agus an cleachtas ábhartha is fearr a fhoghlaim trí: | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Líon oscaite cumarsáide a choinneáil agus liosta de chomhoibrithe ábhartha a dhéanamh. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Foireann a chur ar iasacht ag Údarás Náisiúnta Iomaíochta. | Blianta 1,2 & 3 |
| | - Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus abhcóideachta ábhartha. | |
| S5.4 | Páirt a ghlacadh i piar-athbhreithnithe idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí tagarmharcála eile. | Blianta 1,2 & 3 |
| S5.5 | A chinntiú go bhfaigheann an tÚdarás Iomaíochta an sochar is fearr ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta trí: | |
| | - Polasaí idirnáisiúnta úr a chur i bhfeidhm ar chomhordú agus ar bhainistíocht ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta. | Bliain 1 |
| | - Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiúchán agus éifeachtúlacht an pholasaí idirnáisiúnta úir. | Bliain 2 & 3 |

## Feidhmiúchán a Thomhas

4.21 Leagann an mhír seo Príomhtháscairí Feidhmiúcháin an Údaráis Iomaíochta amach. Ní tasc furasta nó díreach é rath an Údaráis Iomaíochta i gcomhlíonadh a Spriocanna a mheasúnú, agus dá bhrí sin éifeachtach a straitéisí a mheasúnú. Tá dhá phríomhchúis leis seo.

↘ Ar dtús, tá na cuspóirí mar atá leagtha amach sna cúig Sprioc, deacair a thomhas. Mar shampla, maidir le Sprioc 1, níl sé furasta comhlíonadh leis an dlí iomaíochta a mheasúnú. Tig amharc ar líon íseal d'ionchúisimh a bheith dearfach (mar fhianaise de phobal gnó feasach agus féinchomhlíonadh láidir leis an dlí). Ar a mhalairt, d'fhéadfadh líon íseal d'ionchúisimh a bheith ina tháscaire diúltach i ndáil le forfheidhmiú neamhéifeachtach. Ar an dóigh chéanna, maidir le Sprioc 3, tá sé deacair an leibhéal feasachta i ndáil le buntáistí iomaíochtaí i measc gnóthaí, lucht déanta polasaithe agus an phobail a dhéanamh amach i mbealach muiníneach.

↘ Is é an dara rud, fiú dá mbeadh na cuspóirí, mar atá leagtha amach sna Spriocanna intomhasta go hiomlán, mar go bhfuil 'rath' an Údaráis Iomaíochta ag brath ar éagsúlacht leathan de thosca nach bhfuil faoina smacht, tá sé deacair rath nó teip a chur ar chaighdeán iarrachtaí an Údaráis Iomaíochta. Mar shampla, maidir le Sprioc 1, i réimse forfheidhmithe coiriúil, ní an tÚdaráis Iomaíochta an comhlacht ionchúisimh. Ullmhaíonn an tÚdarás Iomaíochta comhaid agus cuireann siad ar aghaidh iad chuig an Stiúrthóir

Ionchúiseamh Poiblí (DPP) atá freagrach as na hionchúisimh uile a thabhairt ar dhíotáil. Mar sin, braitheann ionchúisimh rathúla ar ní hamháin iarrachtaí an Údaráis Iomaíochta é féin ach bíonn siad faoi bhreithiúnais an DPP i ngach cás faoi leith. Mar an gcéanna maidir le Sprioc 2, braitheann rath an Údaráis Iomaíochta maidir le hiomaíocht a chur chun cinn nuair a bhíonn sí in easnamh, teoranta nó srianta ar má bhíonn an timpeallacht pholaitiúil ábalta athruithe a dhéanamh agus má bhíonn leasa dílsithe eagraithe nó trinsithe go maith.

4.22 De bharr na gcúiseanna seo, nuair a bhíonn muid ag forbairt táscairí bríomhara bíonn muid ag feidhmiú sa dara domhan is fearr . De ghnáth díríonn na táscairí thíos ar aschuir choimeádta an Údaráis Iomaíochta. Ní bhíonn scéal iomlán le hinsint ag táscaire ar bith. Curtha le chéile, áfach, bíonn muid ábalta léargas a fháil ar mhéid ghníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta leis an tsraith táscairí.

4.23 Tá Príomhtháscairí Feidhmiúcháin an Údaráis Iomaíochta thíos grúpáilte de réir na spriocanna lena mbaineann siad. Nuair nach bhfuil táscairí feidhmiúcháin chainníochtúla le fáil nó má chruthaíonn siad torthaí débhríocha nó spreagthaí claona déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta a dhícheall táscairí feidhmiúcháin cháilíochtiúla a chur ar fáil. Más rud í gur 'iarmhairt' an Údaráis Iomaíochta, agus ní líon nó caighdeán a aischur an rud is tábhachtaí, tá sé de rún ag an Údarás Iomaíochta measúnú ar iarmhartha a dhéanamh thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo.

**Táscairí Feidhmiúcháin do Sprioc 1: Comhlíonadh leis an Dlí Iomaíochta**

P1.1 Forfheidhmiú (Aimsiú)

- Líon na nImsrúduithe oscáilte.

P1.2 Cur i bhFeidhm (Imscrúdú)

- Líon na mbarántas daingnithe, daoine a cuireadh faoi agallamh, toghairmeacha eisithe agus na ráitis glactha.
- Líon na n-imscrúduithe oscailte, druidte agus ag dul ar aghaidh.
- Líon na gcomhad curtha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

P1.3 Ionchúiseamh agus idirchaidreamh Idirghníomhaireachta

- Líon na gcomhad glactha ag an DPP.
- Líon na gciontuithe.
- Líon na gcásanna sibhialta tugtha os comhair na cúirte.
- Líon na socruithe a baineadh amach.
- Athbhreithniú ar an 'gClár um Dhíolúine Cairtéal Choiriúla' leis an DPP.

P1.4 Athbhreithniú Cumasc

- Líon na gcumasc le measúnú déanta orthu laistigh den fráma ama reachtúil (Céim 1 agus Céim 2) an imscrúdaithe
- Aiseolas ó shuirbhé pháirtithe leasmhara.
- Torthaí d'anailísí ex-post ar chinntí cumaisc.

P1.5 Treoir

- Líon na nótaí, fógraí/dearbuithe, nótaí treoracha, cinntí cumaisc foilsithe, agus cainteanna agus cuir i láthair tugtha.
- Líon na bpróiseas chomhairliúcháin déanta.
- Caighdeán feabhsaithe gearán ar nós na samhla molta sna treoirlínte do ghearáin.
- Líon an bhfreastalaithe ag comhdháil ar chumaisc agus aiseolas.

**Táscairí Feidhmiúcháin do Sprioc 2: Iomaíocht a Chur chun Cinn**

P2.1 Anailís agus Faisnéis

- An méid de thionscadail/staidéir déanta in am; baineann seo faoi láthair le scrúdú na hearnála seirbhísí gairmiúla a bheith curtha i gcrích laistigh den fráma ama agus buiséad samhlaithe.
- An tAthbhreithniú ar Staidéir a chur i bhfeidhm.
- Méid moltaí ón Údarás Iomaíochta a chur i bhfeidhm.
- Líon na moltaí úra déanta.

P2.1 Comhairle don Rialtas agus Rialtóirí

- Líon na n-aigneachtaí curtha isteach.
- Líon na moltaí reachtacha ina lorgaíodh comhairle ón Údarás Iomaíochta.
- Líon na moltaí reachtacha ar a rinneadh trácht

### Táscairí Feidhmiúcháin do Sprioc 3: Feasacht a Spreagadh

P3.1 Feasacht a Spreagadh

- Líon na gcainteacha agus na gcur i láthair déanta, agallamh leis na meáin tugtha agus ailt phreasa scríofa.
- Rátálacha feabhsaithe maidir le feasacht an Údaráis Iomaíochta agus tuiscint ar dhlí iomaíochta bunaithe ar thaighde margaidh.

P3.2 Cumarsáid Sheachtrach

- Toirt na n-iarratas d'eolas, agallaimh, tráchtanna agus cuir i láthair.
- Líon agus caighdeán ailt na meán scríofa faoin Údarás Iomaíochta agus faoi cheisteanna iomaíochta.
- Líon na n-úsáideoirí de láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta agus bunachar sonraí eolais.

### Táscairí Feidhmiúcháin do Sprioc 4: Seirbhís Éifeachtúil agus Tráthúil a Sholáthar

P4.1 Rialachas Corparáideach agus Seirbhís do Chustaiméirí

- Cairt Sheirbísí do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus Coiste Iniúchta Inmheánaigh a bhunadh laistigh den fráma ama samhlaithe.
- Tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh le cóid chleachtais agus iompar rialachais chorparáidigh, le cois comhlíonta leis an gCairt Chustaiméara.

P4.2 Bainistiú Airgeadais agus Acmhainní Daonna

- Tuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus bainistiú airgeadas an Údaráis Iomaíochta.
- Iniúchadh Inmhéanach Bliantúil.
- Athrú agus coinneáil foirne.

P4.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

- Polasaí TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus spriocanna inmheánacha a bhaint amach laistigh den fráma ama samhlaithe.

P4.4 Eolas agus Oiliúnt

- Tionscadail pholasaí oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, spriocanna inmheánacha a bhaint amach laistigh den fráma ama samhlaithe.
- Meánlíon freastalaithe ag seimineáir an Údaráis Iomaíochta agus aiseolas.

**Táscairí Feidhmiúcháin do Sprioc 5: Dualgais Idirnáisiúnta agus an Cleachtas is Fearr**

P5.1 Rannpháirtíocht i Seimineáir agus Comhdhálacha Idirnáisiúnta

- Líon na bhfóram/cruinnithe idirnáisiúnta, grúpaí oibre, agus Coistí Comhairleacha ar a d'fhreastal an tÚdarás Iomaíochta.
- Líon na n-aigneachtaí nó na bpáipéar seachadta.
- An méid amanna ar luadh obair an Údaráis Iomaíochta i bpáipéir, comhdhálacha, comhchruinnithe etc.

P5.2 Gach feidhm idirnáisiúnta

- Líon na gceisteanna ar pholasaí iomaíochta agus ar fhorfheidhmiú idirnáisiúnta.
- An méid amanna ar ghlac an tÚdarás Iomaíochta príomhról i bhfóraim idirnáisiúnta i.e., mar chathaoirleach ar ghrúpaí oibre.